Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 17 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**10048/19**

**CFSP/PESC 457**
**CSDP/PSDC 285**
**COPS 181**
**POLMIL 64**
**CIVCOM 88**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Meitheamh 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10047/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Slándáil agus Cosaint i gcomhthéacs Straitéis Dhomhanda an Aontais<br>- Conclúidí ón gComhairle (17 Meitheamh 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Slándáil agus Cosaint i gcomhthéacs Straitéis Dhomhanda an Aontais, a ghlac an Chomhairle ag an 3700ú cruinniú a bhí aici ar an 17 Meitheamh 2019.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

## I gCOMHTHÉACS STRAITÉIS DHOMHANDA AN AONTAIS EORPAIGH

Réamhrá

1. Ó seoladh Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh i mí an Mheithimh 2016, tá céimeanna ceannródaíocha chun tosaigh glactha aige i réimse na slándála agus na cosanta. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn suntasach a rinneadh chun feabhas a chur ar shlándáil an Aontais gona ról mar sholáthraí slándála agus gníomhaí domhanda, lena n-áirítear trína Chomhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC). I ngeall ar bhagairtí agus ar dhúshláin chasta shíorathraitheacha an lae inniu, ní mór go mbeadh freagairt chuimsitheach orthu ag an Aontas, feadh gach a gceanglaíonn an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach le chéile, agus an cur chuige comhtháite a bheith in úsáid i leith coinbhleachtaí agus géarchéimeanna.

2. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór coinneáil leis na hiarrachtaí trí rannpháirtíocht leanúnach na mBallstát agus institiúidí an Aontais. Ní mór cur chun feidhm comhsheasmhach na ngníomhaíochtaí a seoladh a áirithiú chun Leibhéal Uaillmhéine an Aontais maidir lenár gcumas freagairt do choinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha, acmhainneacht na gcomhpháirtithe a fhorbairt, agus an tAontas gona shaoránaigh a chosaint, mar a comhaontaíodh an Comhairle i mí na Samhna 2016 iad, a sheachadadh go héifeachtach. Meabhraítear di an treoir a thug an Chomhairle Eorpach i ndáil leis sin roinnt uaireanta, chomh maith leis na conclúidí a d'eisigh an Chomhairle í féin roimhe seo.

3. Iarrann an Chomhairle, dá bhrí sin, go gcuirfí chun feidhm go comhleanúnach na tionscnaimh slándála agus chosanta, – go háirithe an buanchomhar struchtúrtha (PESCO), ag úsáid á baint as an bPlean Forbraíochta um Chumas agus as an athbhreithniú comhordaithe bliantúil ar chosaint (CARD), mar aon le comhshocrú sibhialtach CBSC agus daingniú na struchtúr sibhialtach agus míleata comhaontaithe – chomh maith leis na hionstraimí tábhachtacha nua atá á n-ullmhú ag an Aontas don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile – , lena n-áirítear an Ciste Eorpach Cosanta agus clúdach na soghluaisteachta míleata den tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. Ina theannta sin, tá a marana á déanamh ag na Ballstáit ar an tSaoráid Síochána Eorpach sheachbhuiséid atá beartaithe. Cuireann sí chun suntais freisin rannchuidiú tábhachtach shásra Athena agus is fada léi go gcuire sé a athbhreithniú leanúnach i gcrích. Cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé go mbeadh saineolas leordhóthanach ag institiúidí an Aontais chun chur chun feidhme éifeachtach na dtionscnamh agus na n-ionstraimí sin a áirithiú.

4. Trí aghaidh a thabhairt ar na riachtanais slándála agus cosanta atá ag an Eoraip faoi láthair, agus a bheidh aici feasta, tá feabhas á chur ag an Aontas ar a acmhainneacht gníomhú mar sholáthraí slándála, ar a neamhspleáchas straitéiseach, agus ar a chumas comhoibriú le comhpháirtithe. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí tuilleadh den mhachnamh straitéiseach ar an ábhar seo d'fhonn níos mó freagrachta a ghlacadh as slándáil na hEorpa – le comhpháirtithe i gcás inar féidir sin – agus aisti féin nuair is gá, ar mhaithe le luachanna agus leasanna an Aontais. Chuige sin, bheadh gá, *inter alia*, le comh-mheasúnú a dhéanamh ar na bagairtí agus dúshláin, acmhainní leordhóthanacha a áirithiú i gcomhréir le gealltanais PESCO, lena méadófaí an acmhainneacht agus na cumais is gá chun cinntí an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach agus go comhleanúnach, agus le bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí a bheith oscailte do chomhar agus a bheith níos comhtháite, inbhuanaithe, nuálaí agus iomaíche ar feadh an Aontais. Athdhearbhaíonn an Chomhairle, i gcomhréir leis na conclúidí uaithi i mí na Nollag 2017, go neartóidh an méid sin ár n-iarrachtaí comhchoiteanna, go háirithe i gcomhthéacs an chaidrimh thrasatlantaigh, agus go gcuirfidh sé leis an obair atá á déanamh ag an Eoraip ar mhaithe le hord domhanda atá bunaithe ar rialacha, agus na Náisiúin Aontaithe ag a chroílár, agus ar mhaithe leis an tslándáil Eora-Atlantach.

5. Ós amhlaidh atá, meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi i Mí Mheán Fómhair 2018 maidir leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach a threisiú i dtaca le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime. Cuireann sí chun suntais an comhar atá ar bun idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach le fada an lá i ndáil leis an tsíochánaíocht, agus le bainistiú géarchéime sibhialtach, póilíneachta agus míleata, agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé go leanfaí den dlúthchomhar sin.

Meabhraítear don Chomhairle gur croíthosaíocht pholaitiúil anois agus feasta go gcuirfí chun feidhme go tapa agus go hinfheicthe an dá Dearbhú Chomhpháirteacha maidir le comhar idir an tAontas Eorpach agus ECAT, a shínigh Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, agus Ardrúnaí Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh i Vársá i mí Iúil 2016 agus sa Bhruiséil i mí Iúil 2018, agus gurb é is cuspóir foriomlán dó sin fíorchaidreamh a chur ar bun idir an dá eagraíocht sin trí chomhoibriú leis na Ballstáit uile agus a leas a dhéanamh. Is díol sásaimh don Chomhairle an dlúthchomhar leantach idir ECAT agus an tAontas, a neartaíonn iad araon, i réimsí leasa choitinn, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na cuimsitheachta agus do neamhspleáchas an phróisis cinnteoireachta sa dá eagraíocht.

Ós amhlaidh atá, déanann an Chomhairle an méid seo a leanas inniu:

Misin agus oibríochtaí CBSC

6. Cuireann sí chun suntais rannchuidiú suntasach misean agus oibríochtaí CBSC le síocháin agus cobhsaíocht idirnáisiúnta, mar chuid ríthábhachtach de chur chuige comhtháite an Aontais i leith coinbhleachtaí agus géarchéimeanna. Deich gcinn de mhisin shibhialtacha CBSC atá ar bun ag an Aontas i láthair na huaire agus sé cinn d'oibríochtaí míleata CBSC i dtrí mhór-roinn. Thart ar 4,500 fear agus bean atá páirteach. Cuireann sí in iúl gur mór aici an obair a dhéanann an pearsanra sibhialtach agus míleata uile a bhíonn rannpháirteach sna cúraimí sin. Molann sí do na Ballstáit na hacmhainní agus na foirne is gá a chur ar fáil do na misin agus na hoibríochtaí sin chun gur féidir leo a ndualgais a chur i gcrích go héifeachtach. Meabhraítear di go bhfuil saineolas téagartha ag an Aontas i ngach réimse oibríochta, lena n-áirítear láithreacht i limistéir straitéiseacha mhuirí, agus iarrann sí go háirithe go ndéanfaí machnamh straitéiseach maidir le láithreacht mhuirí fhoriomlán an Aontais, agus Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh gona plean gníomhaíochta cur chun feidhme a chur san áireamh sa chúram sin.

7. Meabhraítear di na conclúidí uaithi ó mhí na Samhna 2018 maidir le cuspóir 2020 don Chumas Míleata Pleanála agus Seolta (MPCC) agus cuireann sé i bhfios go láidir gur chóir pé acmhainní daonna is gá a chur ar fáil chuige sin; is ceart cur leis na hacmhainní sin de réir a chéile, go leordhóthanach pras. Ina theannta sin, athdhearbhaíonn sí an dlúthchomhar sibhialtach/míleata idir MPCC agus a mhacasamhail shibhialta, an Cumas Sibhialtach Pleanála agus Seolta (CPCC), trí bhíthin an Chomhaonaid um Chomhordú Tacaíochta.

An t-athrú aeráide

8. Cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá saincheisteanna comhshaoil agus an t-athrú aeráide don tslándáil agus don chosaint, mar a leagadh amach sna conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide i mí Feabhra 2019. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an íogaireacht aeráide mhéadaithe a ghabhann le gníomhaíochtaí sin an Aontais a bhaineann le cosc coinbhleachtaí agus slándáil inbhuanaithe, agus cuireann sí i dtreis an gá atá le measúnú riosca agus straitéisí bainistithe riosca leordhóthanacha. Aithníonn sí ábharthacht an athraithe aeráide maidir le misin agus oibríochtaí CBSC, lena n-áirítear an tionchar a bhíonn aige ar phleanáil agus ar fhorbairt an chumais míleata. Tá súil ag an gComhairle leanúint den obair agus an comhar idir na gníomhaithe éagsúla a neartú maidir le gach gné ábhartha den obair i réimse na slándála agus na cosanta, eadhon trí bhreithniú a dhéanamh ar thionchar an athraithe aeráide mar chuid den mheasúnú ar bhagairtí agus dúshláin dhomhanda.

Comhshocrú sibhialtach CBSC

9. Meabhraítear di gur ghlac sí féin agus ionadaithe rialtais na mBallstát an comhshocrú sibhialtach CBSC, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle i mí na Samhna 2018, agus athdhearbhaíonn sí an gealltanas úd go ndéanfaí CBSC sibhialtach níos cumasaí, níos éifeachtaí, níos solúbtha agus níos freagrúla, agus go mbeadh nasc níos fearr aige le gníomhaithe agus beartais eile an Aontais gona chomhpháirtithe. Cuireann sí chun suntais a thábhachtaí atá cur chun feidhme iomlán agus comhleanúnach a áirithiú sna trí chnuasach sin.

10. Tá sí ag súil go mór leis an gcéad Chomhdháil Athbhreithnithe Bliantúil uair éigin sa dara leath de 2019 chun machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an Chomhshocraithe sna trí chnuasach ar an leibhéal náisiúnta – bunaithe ar na Pleananna Cur Chun Feidhme Náisiúnta – agus ar leibhéal an Aontais – bunaithe ar an bPlean Comhpháirteach Gníomhaíochta.

11. Is díol sásaimh di an obair a rinne SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin ar an bplean gníomhaíochta comhpháirteach ina ndéanann siad cur síos ar raon na ngníomhaíochtaí nach mór a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun tacú le cur chun feidhme Chomhshocrú sibhialtach CBSC. Tugann sí dá haire go bhfuil tús curtha cheana féin leis an obair chun an plean gníomhaíochta comhpháirteach a chur chun feidhme agus, chuige sin, iarrtar ar SEGS agus ar sheirbhísí an Choimisiúin táirgí insoláthartha nithiúla a bheith á soláthar acu faoin am a mbeidh an Chomhdháil um Athbhreithniú Bliantúil ann.

12. Tar éis na Comhdhála um Athbhreithniú Bliantúil maidir le CBSC sibhialtach, fillfidh an Chomhairle ar na saincheisteanna sin i mí na Samhna chun treoir pholaitiúil a thabhairt agus an bealach chun cinn a réiteach.

Comhleanúnachas

13. Is díol sásaimh di an tuarascáil ón Ardionadaí/Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ceann na Gníomhaireachta maidir le hidirghníomhaíochtaí, naisc agus comhleanúnachas i measc thionscnaimh chosanta an Aontais (CARD, PESCO, EDF) a rannchuidíonn le comhlíonadh leibhéal uaillmhéine an Aontais i dtaobh na slándála agus na cosanta, rud a eascraíonn as straitéis dhomhanda an Aontais, agus a chuireann le cumas an Aontais níos mó freagrachta a ghlacadh uirthi féin mar sholáthraí slándála. Cuireann an Chomhairle i dtreis gurb é atá sa tuarascáil seo an chéad iarracht leanúnach lena áirithiú go mbeidh comhleanúnachas ann i measc thionscnaimh chosanta an Aontais Eorpaigh, bunaithe ar phróiseas cuimsitheach dar cuid gach Ballstát de chuid an Aontais.

14. I dtaca leis an méid sin, cuireann sí i dtreis go bhfuil dul chun cinn nach beag déanta, i bpáirt leis na Ballstáit, in ainneoin gur tionscnaimh éagsúla iad ag a bhfuil bunúis dlí éagsúla, go bhfuil na tionscnaimh sin comhsheasmhach, go dtreisíonn siad a chéile, agus gur cuid díobh an dlúthchomhar atá idir na hinstitiúidí agus na comhlachtaí tacaíochta ar leibhéal an Aontais (an Coimisiún, SEGS, GEC).

15. Iarann sí go ndéanfaí iarrachtaí leanúnacha, ar aon dul lena leagtar amach sa tuarascáil, chun na sineirgí idir tionscnaimh chosanta an Aontais, agus an comhordú idir gníomhaithe ábhartha an Aontais a mhéadú a thuilleadh d'fhonn éifeachtúlacht agus aschur an chomhair cosanta darb aidhm cur le cumas na hEorpa, a fheabhsú. Á mheabhrú di sa chomhthéacs sin, mar a comhaontaíodh sna conclúidí uaithi i mí an Mheithimh 2018, gur príomhthagairt d'fhorbairt chumas na mBallstát agus an Aontais iad tosaíochtaí forbartha chumas an Aontais, ina gcuirtear san áireamh na heasnaimh i gcumas míleata CBSC, treochtaí fadtéarmacha cumais agus teicneolaíochta, pleananna cosanta na mBallstát agus na ceachtanna a foghlaimíodh ó mhisin agus oibríochtaí CBSC. Is fada leis an gComhairle go bhfaighidh sí na cásanna a bhaineann le comhthéacs straitéiseach ach a mbeidh forfheidhmiú déanta orthu ag Bord Stiúrtha GEC ag deireadh mhí an Mheithimh 2019.

16. Cuireann sí chun suntais gur gá an comhleanúnachas a threisiú in amlínte na bpróiseas éagsúil chun go ndéanfar na hidirghníomhaíochtaí a fhorbairt a thuilleadh, agus molann sí san am céanna do na Ballstáit tionscnaimh chosanta de chuid an Aontais a bheith fite fuaite ina bpróisis pleanála cosanta náisiúnta féin. Moltar d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, i gcás inar féidir sin, an chomhsheasmhacht a éascú i dtaca le tuairisciú na mBallstát agus tacú leo i ndáil leis sin.

17. Moltar an nasc a neartú idir an fhorbairt cumais agus an infhaighteacht oibríochtúil a bhíonn ar fhórsaí i gcomhair misin agus oibríochtaí CBSC, agus i bhfianaise na ngealltanas a ghabhann le PESCO.

18. Iarrann sí ar an Ardionadaí/Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ceann na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint leanúint de chur chun feidhme comhtháite na dtionscnamh cosanta (CARD, PESCO, EDF) a chur chun cinn, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, agus dlúthchomhar idir SEGS, seirbhísí an Choimisiúin agus GEC a bheith ann.

19. Tá sí sásta filleadh ar an tsaincheist i mí na Samhna 2019 chun a mbeidh déanta den dul chun cinn a mheas, lena n-áirítear ar bhonn tuilleadh ionchuir ó na Ballstáit, i bhfianaise an dara tuarascáil ón Ardionadaí/Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ceann na Gníomhaireachta ar chomhleanúnachas i mí na Bealtaine 2020. Ar bhonn na tuarascála sin, tabharfaidh an Chomhairle treoir faoin gcaoi a ndéanfar naisc agus sineirgí idir na tionscnaimh cosanta is ábhartha a fheabhsú darb aidhm leibhéal uaillmhéine an Aontais a chomhlíonadh.

An Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO)

Faoi chuimsiú an Bhuanchomhair Struchtúrtha (PESCO):

20. Is díol sásaimh di go ndearnadh an chéad timthriall bliantúil de PESCO a chomhlánú. Is díol sásaimh di freisin an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit rannpháirteacha chun na gealltanais is ceangailtí a chomhlíonadh, go háirithe iad siúd a bhaineann le buiséid chosanta, an infheistíocht chosanta chomhpháirteach, agus úsáid tosaigh uirlisí an Aontais, tionscnaimh agus ionstraimí sa phleanáil cosanta náisiúnta amhail CDP, CARD agus EDIDP. Iarrann sí ar na Ballstáit rannpháirteacha dul chun cinn mór a dhéanamh chun go dtabharfar aghaidh ar na ceanglais is ceangailtí i réimsí eile, mar a leagtar amach sa mholadh a ghlac an Chomhairle ar an 14 Bealtaine 2019, a bunaíodh ar an gcéad tuarascáil bhliantúil ón Ardionadaí maidir le stádas cur chun feidhme PESCO.

21. Meabhraítear di go ndéanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha an obair a chur chun cinn agus go ndíreoidh siad ar chur chun feidhme mear éifeachtach na 34 thionscadal de chuid PESCO atá ar an bhfód cheana féin. Molann sí dóibh tograí le haghaidh tionscadail nua a thíolacadh go comhpháirteach; déanfar iad siúd a mheas de réir leibhéal aibíochta an togra le haghaidh tionscadail, agus de réir forléargas tosaigh a dhéanfar ar na hacmhainní airgeadais agus ar acmhainní riachtanacha eile (i measc critéar eile), tráth nach déanaí ná 31 Iúil 2019, agus an treoir a tugadh sa Mholadh a glacadh ar an 14 Bealtaine á cur sa mheá acu, d'fhonn Cinneadh (CBES) 2018/1797 ón gComhairle a thabhairt cothrom le dáta i mí na Samhna 2019. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go ndírítear sna tionscadail atá le cur chun feidhme faoi PESCO ar chumais chosanta a fhorbairt agus ar an infhaighteacht oibríochtúil a bhíonn ar fhórsaí a fheabhsú. Meabhraítear di go bhfuil an deis ag comhaltaí an tionscadail rannpháirt a thabhairt don Choimisiún, de réir mar is iomchuí, in imeachtaí an tionscadail, i gcomhréir leis na rialacha rialachais a ghabhann le tionscadail PESCO.

22. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 13 Samhain 2017 agus an 18 Samhain 2018, aithníonn sí go bhféadfadh agus go gcaithfeadh tríú stát breisluach suntasach a chur le tionscadail PESCO, rannchuidiú le neartú PESCO agus CBSC agus gealltanais ní ba cheangailtí a chomhlíonadh, agus prionsabail neamhspleáchais chinnteoireachta an Aontais gona Bhallstáit a urramú san am céanna. Ós amhlaidh atá, tá súil ag an gComhairle nach fada go nglacfar Cinneadh ón gComhairle maidir leis na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO, i gcomhréir le hAirteagal 4(2)(g) agus Airteagal 9 den Chinneadh ón gComhairle lena mbunaítear PESCO, leis an treoir a thugtar san fhógra maidir le PESCO, agus leis an gCinneadh ón gComhairle maidir le tacar coiteann rialacha rialachais.

CARD

23. Is fada leis an gComhairle go seolfar an chéad timthriall iomlán de CARD, dar tús an t-idirphlé déthaobhach i mí Mheán Fómhair 2019, d'fhonn athbhreithniú cuimsitheach a thabhairt do na hairí i bhfómhar na bliana 2020 ar staid an chumais Eorpaigh ina iomláine. Ach leas a bhaint as na cásanna comhthéacs straitéisigh a bheidh ann go luath, le CARD déanfar rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí is ábhartha a aithint chomh maith agus deiseanna comhair a chur chun cinn a chuirfidh le cur chun feidhme thosaíochtaí forbartha chumas an Aontais. Áirítear orthu sin spriocanna ardtionchair cumais d'fhonn tacar cumas comhtháite, inúsáidte, in-imscartha idir-inoibritheach inbhuanaithe a fhorbairt.

24. Aithníonn sí gur áirithíodh go dtí seo, agus go n-áiritheofar feasta, comhleanúnachas an aschuir idir CARD – mar aon leis an bPlean Forbraíochta um Chumas – agus próisis ECAT faoi seach, amhail Próiseas Pleanála um Chosaint ECAT, i gcás ina mbíonn ceanglais ag forluí ar a chéile, agus go n-aithneofar san am céanna cineál éagsúil an dá eagraíocht gona bhfreagrachtaí faoi seach.

An Ciste Eorpach Cosanta

25. Is fada léi go nglacfar an Ciste Eorpach Cosanta agus go ndéanfar é a chur chun feidhme gan mhoill, ach a dtaga Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an Rialachán gaolmhar i mí Feabhra, agus a dtagtar ar chomhaontú foriomlán i ndáil leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) don tréimhse 2021-2027. Chuir an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an Ciste chun cur le hiomaíochas, éifeachtúlacht agus cumas nuálaíochta EDTIB ar fud an Aontais. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle an ról atá beartaithe do EDF chun teicneolaíochtaí bunathraitheacha cosanta a chur chun cinn.

26. Is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme an Chláir Eorpaigh Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP, 2019-2020), go mór mór glacadh an chláir oibre leathbhliantúil, ina sainaithnítear catagóirí tionscadal lena mbaineann comhar trasteorann Eorpach agus ina ndírítear ar thionscadail comhair ag a bhfuil breisluach AE, agus foilsiú an ghlao ar thograí in Aibreán na bliana seo. I ndáil leis sin, is fada leis an gComhairle go ndéanfar na tograí a thíolacadh le haghaidh tionscadail uaillmhianacha i gcomhréir le critéir dámhachtana EDIDP.

27. Is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme an réamhbhirt don taighde a bhaineann leis an gcosaint (PADR, 2017-2019) mar aon le glacadh chlár oibre 2019 agus foilsiú an ghlao ghaolmhair ar thograí.

Aon tacar fórsaí amháin

28. Meabhraítear di, ós rud é nach mbíonn ag na Ballstáit ach 'aon tacar fórsaí amháin' a fhéadfaidh siad a úsáid i gcreata éagsúla, go gcabhróidh forbairt chumais chosanta na mBallstát i gcreat an Aontais le neartú na gcumas sin, agus go bhféadfaí iad a chur ar fáil do chreataí eile freisin amhail na Náisiúin Aontaithe agus ECAT.

An comhar idir an tAontas agus ECAT

29. Á dhearbhú an athuair di a cuid conclúidí ón 6 Nollaig 2016, ón 19 Meitheamh, ón 5 Nollaig agus ón 19 Samhain agus na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó Nollaig 2018, agus ós rud é go bhfuil comhluachanna ag an Aontas agus ECAT agus go mbíonn dúshláin slándála choiteanna rompu, is díol sásaimh di an ceathrú tuarascáil ar dhul chun cinn a thíolaic an tArdionadaí/Leas-Uachtarán/Ceannaire na Gníomhaireachta agus Ardrúnaí ECAT go comhpháirteach maidir le cur chun feidhme na sraithe comhchoitinne de thograí (74 ghníomhaíocht ar fad) a thaispeánann na príomhthorthaí, lena n-áirítear i réimsí an idirphlé pholaitiúil, na soghluaiseachta míleata, cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, freachnaimh chomhthreoracha chomhordaithe, chomh maith le cumas cosanta.

30. Ós amhlaidh atá, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil níos mó den idirphlé ar siúl idir an dá eagraíocht, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil, ar uirlis riachtanach é chun an chomhthuiscint a threisiú, an mhuinín a chothú agus leis an trédhearcacht a áirithiú, chomh maith le rannpháirtíocht láidir na mBallstát, agus tá sí ag súil go leanfaidh sí de fhrith-thras-fhaisnéisithe ar bhealach cothromaithe. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an tábhacht a bhaineann leis an gcoincheap Freachnamh Comhthreorach Comhordaithe (PACE) agus molann sí don Aontas agus do ECAT leanúint leis na freachnaimh sin i slí níos struchtúrtha, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh in 2017 agus in 2018. I ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus le hArdrúnaíocht na Comhairle, agus i gcomhairle le ECAT, iarrann sí ar an Ardionadaí togra maidir lena bhfuil i ndán do choincheap PACE a thíolaic. Thairis sin, is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Aontas agus ag ECAT leis na gníomhaíochtaí sin dá gcuid a bhaineann leis an tslándáil agus le tógáil a gcumas cosanta do thíortha comhpháirtíochta a chomhordú, agus molann sí go ndéanfaí tuilleadh idirphlé chun an comhar sa réimse sin a threisiú. Is díol sásaimh don Chomhairle chomh maith an comhar treisithe in aghaidh na frithsceimhlitheoireachta. Ag aithint di tábhacht an chomhair leanúnaigh oibríochtúil agus oirbheartaíochta ar an bhfód, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé an idir-inoibritheacht a áirithiú, go háirithe i gcomhthéacs na n-oibríochtaí bainistithe géarchéime.

31. Agus aitheantas á thabhairt do na céimeanna tábhachtacha chun cinn a glacadh i dtaobh feasacht staide a bhuí d'anailísí comhthreoracha comhordaithe faisnéise, is mór ag an gComhairle an dul chun cinn suntasach i gcoinne bagairtí hibrideacha atá déanta ag an Lárionad Eorpach um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha, i Heilsincí. Leanann an Lárionad de thacaíocht a chur ar fáil i réimsí tábhachtacha amhail oiliúint agus freachnaimh trí imeachtaí tiomnaithe oideachais do Bhallstáit an Aontais agus do Chomhghuaillithe ECAT araon. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir chomh maith gur gá an comhar i ndáil le cibearchosaint a fheabhsú idir an tAontas agus ECAT.

32. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá malartú faisnéise gan bhac idir an tAontas agus ECAT, ar shlí chuimsitheach agus neamh-idirdhealaitheach, chun an comhar idir an dá eagraíocht a threisiú agus a fheabhsú a thuilleadh, ar nós na ndea-shamplaí a chonacthas i réimse na soghluaisteachta míleata. I ndáil leis sin agus ag baint leas as na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme píolótach choincheap PACE, molann an Chomhairle go ndéanfaí malartú faisnéise (idir fhaisnéis neamh-rúnaicmithe agus rúnaicmithe) ar bhonn feabhsaithe sna freachnaimh PACE a bheidh ann amach anseo mar an chéad chéim i malartú faisnéise ach a dtarlaíonn géarchéim iarbhír.

33. Athdhearbhaítear di go leanfar den chomhar idir an tAontas agus ECAT a dhéanamh de mheon lánoscailte agus trédhearcach, agus uathriail agus nósanna imeachta cinnteoireachta an dá eagraíocht á n-urramú go hiomlán, agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus iad lánghníomhach sa chomhar sin. Is ar phrionsabail na cuimsitheachta agus na cómhalartachta atá sin bunaithe gan dochar do shainchineál beartas slándála agus cosanta aon Bhallstáit.

34. Meabhraítear di gur cuid dhílis den chomhar idir an tAontas agus ECAT an comhar ECAT leis na Ballstáit sin nach comhaltaí de chuid ECAT iad. I dtaca leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle an rannchuidiú dearfach a thugann Ballstáit nach baill de ECAT iad do ghníomhaíochtaí ECAT. Is cuid dhílis de chomhar AE-ECAT gníomhaíochtaí den sórt sin agus is mian go mór leis an gComhairle go leanfaí leo.

35. Meabhraítear di gur próiseas leanúnach fadtéarmach atá i gcur chun feidhme na sraithe comhchoitinne tograí ar gá tiomantas leanúnach agus seacht ndícheall na ngeallsealbhóirí ina leith. I ndáil leis seo, iarrann an Chomhairle ar Ardionadaí/Leas-Uachtarán/Ceannaire na Gníomhaireachta leanúint leis an obair ar chur chun feidhme, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, agus rannpháirtíocht iomlán na ndaoine sin mar aon le trédhearcacht na hoibre á n-áirithiú, agus tá sí ag tnúth leis an gcéad tuarascáil eile, a thíolacfar go comhpháirteach i mí an Mheithimh 2020.

An tAontas Eorpach-Na Náisiúin Aontaithe

36. Athdhearbhaíonn sí a thiomanta atá an tAontas Eorpach agus na Ballstáit do na Náisiúin Aontaithe láidre atá mar bhunchloch ag an ord iltaobhach riailbhunaithe; meabhraítear di go gcabhraíonn an chomhpháirtíocht leis na Náisiúin Aontaithe leis an Aontas agus é ag iarraidh an tsíocháin agus an tslándáil a chur i réim ar fud an domhain, ag tacú dó, ag an am céanna, le hiltaobhachas éifeachtach. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh di an dul chun cinn atá déanta mar a léirítear sa tuarascáil cur chun feidhme ar an gComhpháirtíocht Straitéiseach idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir le hOibríochtaí Síochána agus Bainistiú Géarchéime: Tosaíochtaí 2019-2021.

Comhpháirtíochtaí

37. Cuireann sí i dtreis go láidir an tábhacht a bhaineann leis an gcomhar le heagraíochtaí agus le tíortha comhpháirteacha a thabhairt ar aghaidh ó thaobh na síochána, na slándála agus na cosanta de, agus cuireann sí i dtreis an gá atá le cur chuige straitéiseach i leith comhpháirtíochtaí, i gcomhréir le Straitéis Dhomhanda an Aontais agus leis na conclúidí a tháinig roimhe seo ón gComhairle. Ós mar sin atá, is díol sásaimh di tuarascáil bhliantúil 2018 maidir le comhar CBSC leis na tíortha comhpháirtíochta.

[Airteagal 42.7 CAE agus Airteagal 222 CFAE

38. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit idirphlé a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh tar éis an chéad uair a rinneadh Airteagal 42.7CAE a ghníomhachtú agus meabhraítear di an tábhacht a bhaineann le Cúnamh Frithpháirteach agus/nó Dlúthpháirtíocht i gcomhréir le hAirteagal 42.7 CAE agus le hAirteagal 222 CFAE. Meabhraíonn an Chomhairle, i gcás na Stát sin atá ina mbaill de ECAT gurb í an eagraíocht sin bunchloch na cosanta comhchoitinne agus an fóram lena gcuirfear an chosaint sin chun feidhme. Urramófar go hiomlán saintréithe bheartas slándála agus cosanta Bhallstáit uile an Aontais Eorpaigh.

Cur i gcoinne bagairtí hibrideacha

39. Á chur i dtreis go láidir di an ghné ilghnéitheach a bhaineann le bagairtí hibrideacha a bhíonn ag síorathrú, agus á mheabhrú di gur ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, is díol sásaimh di an Tuarascáil ar an gCreat Comhpháirteach maidir le cur i gcoinne Bagairtí Hibrideacha a chur chun feidhme (2016) agus an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an Athléimneacht a Mhéadú agus Inniúlachtaí a Threisiú chun Aghaidh a Thabhairt ar Bhagairtí Hibrideacha (2018). Níor cuireadh aon mhoill ar chur chun feidhme an Chreata Chomhpháirtigh ná na Teachtaireachta Comhpháirtí, ar chuir ionsaí Salisbury comhthéacs leo, go háirithe i ndáil le feasacht staide, cumarsáid straitéiseach, rioscaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha, cibearshlándáil agus frithfhaisnéis. Is díol sásaimh don Chomhairle chomh maith an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an suirbhé ar an riosca hibrideach sna Ballstáit (gníomhaíocht 1 den Chreat Comhpháirteach) agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar SEGS aird a dhíriú ar na leochaileachtaí a sainaithníodh tríd an ngníomhaíocht seo i gcomhréir lena conclúidí ón 6 Meitheamh 2019.

40. Is díol sásaimh di mar atá an réimse bearta freagartha a d'fhéadfadh a bheith ann ar leibhéal an Aontais ag dul i méid, lena n-áirítear an córas cibearsmachtbhannaí uathrialacha a chur ar bun mar chuid de bhosca uirlisí na cibearthaidhleoireachta agus de chóras smachtbhannaí uathrialacha i gcoinne airm cheimiceacha a úsáid.

41. Is díol sásaimh di an fhreagairt chomhordaithe ar bhréagaisnéis tríd an bPlean Gníomhaíochta i gcoinne na Bréagaisnéise agus an Córas Mear-rabhaidh a cruthaíodh leis na Ballstáit chun an roinnt faisnéise a fheabhsú. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí iarrachtaí leanúnacha comhordaithe a dhéanamh chun córais dhaonlathacha an Aontais a chosaint agus na garbhagairtí agus na bagairtí fadtéarmacha a ghabhann leis an mbréagaisnéis a chomhrac mar dhlúthchuid dá n-iarrachtaí chun teacht aniar an Aontais i gcoinne na mbagairtí hibrideacha a threisiú.

42. Cuireann sí i dtreis go láidir go bhfuil tuilleadh oibre tuartha do na Ballstáit agus don Aontas chun a dteacht aniar a threisiú agus cur chuige uile-shochaí agus uile-rialtais a chruthú, agus chun cur lena gcumais aghaidh a thabhairt ar na bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear i réimse na cibearshlándála, na cumarsáide straitéisí agus na frithfhaisnéise. Ba cheart an obair sin a chomhordú agus a fheabhsú sna hearnálacha beartais ábhartha ar fad, lena n-áirítear an nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach. Agus cumas anailíse neamhspleách an Aontais á chur san áireamh, leagann an Chomhairle béim chomh maith ar a thábhachtaí atá sé teacht aniar an Aontais agus na mBallstát a dhaingniú a thuilleadh, i ndlúthchomhar le comhpháirtithe ar nós ECAT.

43. Tá sí ag súil le breis feabhais ar an bhfeasacht staide, go háirithe trí Chill Chomhtháthaithe an Aontais Eorpaigh in aghaidh Bagairtí Hibrideacha.

44. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a chosaint, mar aon lena gcuid faisnéise, na líonraí cumarsáide agus na próisis cinnteoireachta in aghaidh gníomhaíochtaí naimhdeacha gníomhaithe mailíseacha.

<u>An chibearchosaint</u>

45. Cuireann sí i dtábhacht, ionas gur féidir freagairt do dhúshláin slándála athraitheacha, go gcaithfidh an tAontas agus na Ballstáit cumais stóinsithe chibearshlándála agus chibearchosanta a fhorbairt a thuilleadh, agus leas á bhaint *inter alia* as an gCás Comhthéacs Straitéisigh ábhartha faoi chibearchosaint atá ar na bacáin. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur réimse tábhachtach oibríochtaí é an cibearspás, agus gur mó i gcónaí a bhíonn misin agus oibríochtaí an Aontais ag brath ar rochtain gan bhriseadh ar an gcibearspás.

46. Is díol sásaimh di an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme Chreat Beartais Cibearchosanta an Aontais agus molann sí go ndéanfaí breis oibre trí thacú le cumais chosanta Bhallstát an Aontais a fhorbairt agus trí chibearchosaint bhonneagar cosanta agus slándála an Aontais a threisiú.

Feasacht ar dhálaí

47. Is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh chun feabhas a chur ar an Acmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise (SIAC) ina cáil mar chreat feidhmiúil don chomhar idir Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh agus Stiúrthóireacht Faisnéise Fhoireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh, chun cur go mór leis an bhfeasacht ar dhálaí san Eoraip. Cuireann an Chomhairle an cuidiú fónta a thugann Lárionad Satailíte an Aontais don iarracht seo i bhfios freisin.

48. Iarrann sí go dtabharfadh na Ballstáit tacaíocht níos leanúnaí fós do SIAC trí tháirgí anailíse óna seirbhísí intleachta féin, agus molann sí go scrúdófaí cé mar a d'fhéadfaí tairbhe a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh mar thoradh ar na feabhsuithe a rinneadh le déanaí ar chomhar cosanta an Aontais chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhar ó thaobh anailís intleachta agus feasacht ar dhálaí san Eoraip.

Dúshláin fuinnimh

49. Iarrann sí go neartófaí an comhar agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin na slándála fuinnimh, lena n-áirítear trí éifeachtúlacht fuinnimh, réitigh fuinnimh inathnuaite agus cosaint an bhonneagair fuinnimh chriticiúil. Is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh i gcomhthéacs an Fhóraim Comhairliúcháin maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe san Earnáil Cosanta agus Slándála (FC FIECS) ón tráth ar seoladh é in 2016 agus tá sí ag tnúth leis an gcéad chéim eile de FC FIECS a fógraíodh i mBúcairist ar an 12 Meitheamh 2019. Iarrann sí ar na Ballstáit, ar SEGS, ar an gCoimisiún agus ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint teacht ar réitigh nithiúla san earnáil cosanta do shamhlacha fuinnimh sábháilte inbhuanaithe a mbeidh níos mó athléimneachta agus éifeachtúlacht oibríochtúla mar thoradh orthu, i gcomhthéacs an athraithe aeráide freisin, i gcomhréir leis na conclúidí ábhartha ón gComhairle.

An tSoghluaisteacht Mhíleata

50. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi an 25 Meitheamh 2018 agus an 19 Samhain 2018, is díol sásaimh di cur chun feidhme leanúnach na n-iarrachtaí chun feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht mhíleata ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, ar bhealach comhsheasmhach comhordaithe agus i ndlúthchomhar le NATO mar chuid de chreat chur chun feidhme na nDearbhuithe Comhpháirteacha. Athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé go leanfadh na Ballstáit agus na húdaráis náisiúnta ábhartha uile de bheith rannpháirteach, agus a gceannasacht náisiúnta, cinnteoireacht, dlíthe agus rialacháin, lena n-áirítear maidir le gluaiseachtaí míleata, infheistíochtaí sa bhonneagar iompair agus rialacha agus prionsabail chomhshaoil, á n-urramú acu. Is de réir an cháis a dhéanfar gach cinneadh agus ní dhéanfar aon chinneadh gan gach údarás ábhartha náisiúnta a bheith páirteach.

51. Iarrann sí go ndéanfaí dul chun cinn maidir le tionscadail ghaolmhara PESCO agus go gcomhlíonfaí na ceithre bheart ar an leibhéal náisiúnta faoi dheireadh 2019, mar a comhaontaíodh sna conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil agus cosaint an 25 Meitheamh 2018, go háirithe mír 18 díobh. A luaithe is féidir, déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú agus measúnú ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme na gceithre bheart náisiúnta sin, lena n-áirítear sainmhíniú a dhéanamh, más féidir, ar chuspóirí a bheidh níos uaillmhianaí ó thaobh sprioc-ama de. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle freisin go mbeadh dlúth-chomhordú ann idir an tAontas agus ECAT chun róil agus freagrachtaí comhchosúla a shainmhíniú do na Pointí Teagmhála Náisiúnta don tSoghluaisteacht Mhíleata, agus an-chomhordú a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le custaim, digitiú san áireamh.

52. Is díol sásaimh di an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún, lena n-áirítear an dea-dhul chun cinn agus na torthaí follasacha i réimsí lárnacha. Go háirithe, d'anailísigh an Coimisiún agus SEGS/Foireann Mhíleata an Aontais go comhpháirteach na Ceanglais Mhíleata don tSoghluaisteacht Mhíleata laistigh agus lasmuigh den Aontas, a d'fhormheas an Chomhairle i mí na Samhna 2018, chun na bearnaí a aimsiú idir na ceanglais mhíleata agus paraiméadair an ghréasáin tras-Eorpaigh iompair (TEN-T), agus an indéantacht, an trealamh atá ann faoi láthair, an inmharthanacht theicniúil, gnéithe airgeadais agus innealtóireachta á gcur san áireamh, mar aon le tosca geografacha. Agus an anailís ar bhearnaí á cur san áireamh, tá an Chomhairle ag súil go nglacfar go mear leis na ceanglais theicniúla gheografacha mhíleata. Leis na ceanglais nuashonraithe mhíleata sin, cuirfear an bonn ar fáil chun go bhféadfaidh an Coimisiún tuilleadh oibre a dhéanamh maidir leis an sainmhíniú ar na ceanglais a bhaineann le bonneagar iompair dé-úsáide i gcomhar agus i gcomhairle leis na Ballstáit.

53. Tugann sí dá haire gur mhol an Coimisiún, ar an 2 Bealtaine 2018, imchlúdach soghluaisteachta míleata ar fiú EUR 6.5 billiún é mar chuid den tSaoráid um Chónascadh na hEorpa in 2021-2027 chun tionscadail bhonneagair iompair dhé-úsáide shibhialta-míleata a chomhchistiú. Lena chois sin, tugann sí dá haire gur tháinig na comhreachtóirí ar chomhthuiscint i leith théacs an Rialacháin maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa ar an 7 Márta 2019, inar cuimsíodh na forálacha riachtanacha maidir le cistiú tionscadal dé-úsáide, agus go n-áiritheofar leis sin go dtabharfaidh na gníomhaíochtaí aghaidh ar TEN-T agus ar na ranna agus na nóid araon a shainaithin na Ballstáit sna hIarscríbhinní a ghabhann leis na Ceanglais Mhíleata. Cuirfear bailchríoch ar na leithdháiltí airgeadais don tSaoráid um Chónascadh na hEorpa mar chuid den chaibidlíocht maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027.

54. Thairis sin, foráiltear i dtéacs an Rialacháin maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa go nglacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena sonrófar na ceanglais bhonneagair is infheidhme maidir le bonneagar dé-úsáide (a bheidh úsáideach chun críocha sibhialta agus míleata araon). I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún ról iomlán a thabhairt do na Ballstáit, do SEGS agus do na geallsealbhóirí ábhartha uile agus an gníomh cur chun feidhme seo á dhréachtú. Athdhearbhaíonn sí freisin rannpháirtíocht na mBallstát chun na huasghrádaithe is gá a dhéanamh ar an mbonneagar iompair nua, nó atá ann cheana, a shainaithint faoi dheireadh 2020.

55. Is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh maidir le gníomhaíochtaí atá á gcur chun feidhme i gcreat na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint maidir le ceadanna gluaiseachta trasteorann, creataí dlí náisiúnta, iompar earraí contúirteacha, agus cúrsaí custaim; is díol sásaimh di sa chomhthéacs sin seoladh an chláir *ad hoc* maidir le nósanna imeachta i leith ceadanna gluaiseachta trasteorann san Eoraip.

56. Molann sí go ndéanfaí an Plean Gníomhaíochta maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata a chur chun feidhme a thuilleadh, go mór mór i ndáil leis an méid seo: an leasú ar reachtaíocht chustaim an Aontais, glacadh mear an togra ón gCoimisiún maidir le cáin bhreisluacha (CBL) agus an chaoi a gcaitear le dleachtanna máil laistigh de chreat an Aontais, agus gníomhaíochtaí a bhaineann le hiompar earraí contúirteacha.

---